An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 4



## A thuiscint go bhfuil sraith rialacha ag tionscal an meán cumarsáide, agus a bheith in ann a mhíniú cén fáth a bhfuil na rialacha sin riachtanach

**Cuspóir Foghlama**

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint go bhfuil sraith rialacha ag tionscal an meán cumarsáide, agus a bheith in ann a mhíniú cén fáth a bhfuil na rialacha sin riachtanach.

**Toradh Foghlama**

- Cur síos ar cén fáth a bhfuil rialacha riachtanach.
- Breac-chuntas a thabhairt ar roinnt de na rialacha i dtionscal na meán cumarsáide.
- Mionscrúdú a dhéanamh ar fhógraí agus a dhéanamh amach an bhfuil siad ag cloí leis na rialacha nó nach bhfuil.

**Nótaí an Mhúinteora**

Mar is amhlaidh le gach tionscal, tá a rialacha féin ag tionscal na fógraíochta & na meán cumarsáide a gcaithfear cloí leo. Sa cheacht seo breathnóimid ar na rialacha sin agus breithneoimid cén fáth a bhfuil gá leo agus cén fáth a bhfuil siad éifeachtach.

**Acmhainní**

- Gníomhaíocht 4.1

**Modheolaíocht**

- Caint agus plé – Gaol a aithint idir na nithe a mhothaímid agus na nithe a fheicimid; Fógraíocht agus Mothúcháin
- Comharfhoghlaim – Cad a mhothaíonn tú?; Cad é sprioc an fhógra?
- Scileanna trí mheán an ábhair – An físeán *An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is bun leis na Meáin Chumarsáide*; fógraí ar shuíomh gréasáin MediaWise

An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 4



## Cur Chuige

**Céim 1: Scoil gan aon rialacha**

Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh mar gheall ar scoil gan aon rialacha.

**Scoil gan aon Rialacha**

Shroich Tommy an scoil ag an ngnáth-am. Thug a mháthair síob dó sa charr chomh fada le geata na scoile, agus rinne sí deimhin de go raibh a lón aige ansin d'fhág sí slán leis. Agus é ag siúl i dtreo na scoile, thug sé faoi deara nach raibh Príomhoide Murphy ag an ngeata ag beannú do phobal na scoile mar is gnách. Bíonn an Príomhoide ag na ngeata gach maidin chun deimhin a dhéanamh de go sroicheann gach duine doras na scoile go slán sábháilte. De réir mar a shiúil Tommy chuig a sheomra ranga thug sé faoi deara go raibh Múinteoir Cullen ag suí ar a chathaoir, a cosa in airde ar an deasc agus í ag imirt ar a fón póca. Bhí sé sin an-neamhchoitianta mar go mbíodh Múinteoir Cullen de ghnáth ag seasamh ag an doras ag cur fáilte roimh gach éinne.

Nuair a shuigh Tommy ina shuíochán thug sé faoi deara nach raibh na daltaí eile ag suí síos. Bhíodar go léir tar éis cluichí cláir a thógáil amach as an gcófra agus bhíodar ag súgradh. Bhí duine de na leanaí ag suí ag ríomhaire an mhúinteora ag canadh amhráin cáirióice ag barr a gutha. Shroich cara Tommy an scoil déanach. Ní dúirt Múinteoir Cullen aon rud leis. Shiúil Bill i dtreo Tommy "Céard atá ag tarlú anseo inniu?" d'fhiafraigh sé. D'inis sé dó go raibh sé beartaithe ag Príomhoide Murphy nach mbeadh rialacha ag an scoil a thuilleadh. Chaith sé an leabhar rialacha sa bhosca bruscair agus d'inis sé do gach éinne go bhféadfaidís cibé rud ba mhian leo a dhéanamh. Bhí Bill den tuairim go raibh sé sin go hiontach mar smaoineamh. Bhí sé an-sásta. De réir mar a d'imigh an lá ar aghaidh, d'imigh na buachaillí amach ag súgradh nuair a theastaigh uathu. D'imigh siad ag rith sa pháirc. Ghlac siad lón nuair a bhí ocras orthu. Sa tráthnóna de ghnáth dhéanaidís corpoideachas ach dúirt Múinteoir Cullen nach mbeadh aon chorpoideachas ann don tseachain ná aon ealaín, mar nár theastaigh uaithi iad a mhúineadh. Bhí díomá ar Tommy mar gur thaitin corpoideachas leis. Shiúil Múinteoir Cullen isteach agus amach as an seomra ranga de réir mar a theastaigh uaithi i rith an lae, ach níor mhúin sí aon rud dóibh ar feadh an lae. Déanta na fírinne, níor chuimhin le Tommy aon rud a fhoghlaim an lá sin. Ag a 3 a chlog, tháinig máthair Tommy isteach sa scoil á lorg agus dúirt sí leis: "Cá raibh tú? Bhí mé ag fanacht leat lasmuigh Tommy."

Bhí mearbhall ar Tommy. Bhí sé tar éis an lá a chaitheamh gan aon duine ag rá leis an rang cathain ba chóir dóibh dul abhaile. Thiomáin máthair Tommy abhaile. "Conas mar a bhí do lá?" ar sise. Ní raibh Tommy cinnte. Thaitin sé leis a bheith in ann a rogha rud a dhéanamh ach ní raibh sé cinnte gur theastaigh uaidh é sin a dhéanamh gach lá. Theastaigh ó Tommy a bheith ina eolaí nuair a bheadh sé níos sine. Bhí a fhios aige go mbíonn ar eolaithe obair go han-dian ar scoil ionas go mbeidís ina ann dul leis an eolaíocht ar an ollscoil. Ní raibh sé cinnte go bhfoghlaimeodh sé mórán i scoil gan aon rialacha.

- Fiafraigh de na leanaí, an mbeadh buntáistí ag baint le scoil gan aon rialacha?
- Cad iad na míbhuntáistí a bhainfeadh le scoil gan aon rialacha?

*Seans go luafaidís nach féidir aon rud a fhoghlaim, nach ndéanfaidís aon cheachtanna, fiú amháin na cinn a thaitin leo. Ní chinnteodh aon duine go mbeadh an scoil glan agus sábháilte.*

**Céim 2: Scríobh do Rialacha féin**

- Iarr ar na leanaí a sraith rialacha féin a chruthú don scoil.
- Iarr orthu a machnamh a dhéanamh air agus a bheith cruthaitheach. Is féidir leo obair i mbeirteanna, i ngrúpaí nó mar fhoirne agus na rialacha a chur i láthair os comhair an ranga.

# Ceacht 4



## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 3: Rialacha sa Saol Mór**

Seo a leanas na rialacha i dtionscal na meán cumarsáide.

**Treoirlínte ginearálta**

1. Ba cheart go gcaithfí go comhionann le gach duine i bhfógraí.
2. Níor chóir go ndéanfaí áibhéil i bhfógraí ná go mbeidís míthreorach ná an dallamullóg a chur ar dhaoine.

**Ba cheart d'fhógraí a bheith soiléir agus fírinneach.**

1. Ba chóir go léireodh fógraí na nithe atá san áireamh sa táirge agus na gnéithe den táirge nach bhfuil san áireamh sa phraghas.
2. Níor chóir d'fhógraí úsáid a bhaint as teanga ná éifeachtaí speisialta chun an táirge nó an tseirbhís a dhéanamh níos tarraingtí ná mar atá i bhfírinne.
3. Níor chóir d'fhógraí do bhréagáin comparáid a dhéanamh idir an leagan deireanach agus an leagan nua 'feabhsaithe'.
4. Ba cheart do theachtaireachtaí ar an scáileán nó i gcló beag a bheith léite amach os ard ionas go dtuigfeadh leanaí iad.
5. I bhfógraí a thagraíonn do 'bhronntanais saor in aisce' nó tairiscintí speisialta is gá na téarmaí agus na coinníollacha go léir a bheith soiléir.
6. Ba chóir go mbeadh difríocht shoiléir idir fógra agus ábhar cláir, i gcás ina bhfuil fógraíocht ar siúl le linn cláir.
7. Níor cheart carachtair ná daoine ó chláir do leanaí a úsáid chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn.

**Níor chóir d'fhógraí do leanaí droch-mhothúcháin nó mothúcháin dhiúltacha a spreagadh iontu.**

1. Níor chóir d'fhógraí cur as do leanaí.
2. Níor chóir d'fhógraí leas a bhaint as eagla mar spreagthóir.
3. Níor chóir d'fhógraí a chur ina luí ar leanaí go mothóidh siad ná a dteaghlaigh níos fearr i gcás ina gceannóidh siad an táirge nó go ndéanfar spochadh astu mura mbeidh an táirge acu.
4. Níor chóir don fhógra a chur ina luí orthu go mbeidh tuilleadh cairde acu más rud é go mbeidh an táirge acu.
5. Má thaispeánann an fógra daoine fásta ag cur i gcéill gur leanbh iad i bhfógra do leanaí, níor chóir go mbeadh sé sin maslach do dhínit an linbh.

**Níor chóir d'fhógraí aiste bia nó stíl mhaireachtála mhífholláin a chur chun cinn**

1. Níor chóir d'fhógraí stíl mhaireachtála mhífholláin a chur chun cinn ná daoine a spreagadh an-iomarca a ithe.
2. I gcás fógraí ina dtaispeántar amanna béiltí ba cheart go mbeadh sé soiléir go bhfuil táirge áirithe bia ina chuid d'aiste bia atá cothromaithe.
3. Ba chóir go mbeadh sé soiléir i bhfógra cén luach cothaitheach atá i dtáirge bia agus níor chóir go mbeadh sé míthreorach. Níor chóir go mbeadh impleachtaí ann ach oiread gur féidir bianna áirithe a ithe in ionad glasraí agus/nó torthaí.
4. I gcás fógraí do bhia le méid níos mó siúcra nó saille níor chóir go dtaispeánfaí iadsan le linn amanna na gclár do leanaí.
5. I gcás fógraí do bhia le méid níos mó siúcra nó saille níor chóir go dtaispeánfaí cartúin iontu ná carachtair mhóreilimh ó scannán.
6. I gcás fógraí do bhia le méid níos mó siúcra nó saille níor chóir go mbeidís ag maíomh faoin aon mhaitheas cothaitheach.
7. I gcás fógraí do bhia le méid níos mó siúcra nó saille níor chóir go dtaispeánfaí tairiscintí speisialta lena linn.
8. I gcás gach fógra do mhearbhia ba cheart go mbeadh an teachtaireacht seo ag gabháil leis: 'níor cheart é seo a ithe ach ar bhonn measartha agus mar chuid d'aiste bia cothromaithe.
9. I gcás gach fógra do mhilseáin ba chóir go dtaispeánfaí an teachtaireacht seo: 'is féidir le sneaiceanna rialta ina bhfuil a lán siúcra damáiste a dhéanamh do na fiacla.'
10. Níor chóir daoine cáiliúla a úsáid chun táirge bia nó deoch a chur chun cinn ach amháin más fógra é do bhia folláin.

**Céim 4**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur bhreathnaigh siad ar roinnt fógraí ó MediaWise sa cheacht deireanach, agus gur phléigh siad an teachtaireacht a bhí á cur chun cinn ag an bhfógra.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil sibh chun breathnú ar na fógraí arís. Fiafraigh díobh ar lean na fógraí sin rialacha thionscal na meán cumarsáide.
- I nGníomhaíocht 4.1 taispeántar dhá fhógra a sháraíonn na rialacha. Iarr ar na leanaí a aithint conas mar a sháraíonn na fógraí sin na rialacha.
- Téigh siar ar na freagraí mar rang agus cuir na torthaí i gcomparáid lena chéile.
- Más rud é go raibh freagraí éagsúla ag na leanaí, iarr orthu a mhíniú cén fáth.




**Gníomhaíocht 4.1**